C/2024/7540

20.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11820 – ITOCHU / KAWASAKI HEAVY INDUSTRIES / KAWASAKI MOTORS RETAIL FINANCE JV

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7540)

1. An 11 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Itochu International Inc. ('Itochu', Na Stáit Aontaithe), fochuideachta ar lánúinéireacht Itochu Corporation, atá faoi rialú ghrúpa cuideachtaí Itochu ('Itochu Group', an tSeapáin),

— Kawasaki Motors Corp. ('Kawasaki', Na Stáit Aontaithe), fochuideachta ar lánúinéireacht Kawasaki Motors Ltd., atá faoi rialú Kawasaki Heavy Industries Ltd. (an tSeapáin).

Gheobhaidh Itochu agus Kawasaki rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an gcomhfhiontar úrnua Kawasaki Motors Retail Finance LLC.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála agus infheistíochta é Itochu a oibríonn i seirbhísí teicstíle, innealra, miotal agus mianraí, fuinnimh agus ceimiceán, bia, táirgí ginearálta agus eastáit réadaigh, teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus airgeadais,

— Déanann Kawasaki gluaisrothair, feithiclí ceithre roth eisbhóthair, árthaí uisce agus innill gásailín ilchuspóireacha a mhonarú lena ndíol go díreach le tomhaltóirí.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an chomhfhiontair úrnua Kawasaki Motors Retail Finance LLC:

— Seirbhísí maoinithe agus réitigh a sholáthar do chustaiméirí miondíola chun táirgí spóirt chumhachta a fháil arna dtairiscint ag Kawasaki Motors Ltd. i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus b'fhéidir i gCeanada.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11820 – ITOCHU / KAWASAKI HEAVY INDUSTRIES / KAWASAKI MOTORS RETAIL FINANCE JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË